

9.12.2020

A9-0101/126

Leasú 126

Norbert Lins

thar ceann an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

Tuarascáil

A9-0101/2020

Elsi Katainen

Forálacha idirthréimhseacha maidir le tacaíocht ó CETFT agus ó CERT sa bhliain 2021 (COM(2019)0581 – C9-0162/2019 – 2019/0254(COD))

Dréachtrún reachtach

Mír 1 c (nua)

Dréachtrún reachtach

Leasú

*1c. Ag tabhairt dá haire na ráitis ón
gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;*

Or. en

Mar eolas, seo a leanas a deir na ráitis:

Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis na rialacha margaíochta i ndáil le hola olóige

Tugann an Coimisiún dá aire an comhaontú polaitiúil idir an Pharlaimint agus an Chomhairle maidir le leasú 106 ón bParlaimint, lena gcuirtear Airteagal nua 167a isteach i Rialachán CEM maidir le hearnáil na hola olóige. Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil an leasú seo arna chomhaontú ag an bParlaimint agus ag an gComhairle ag teacht le prionsabal leanúnachais na rialacha reatha lena rialaítear an Rialachán Idirthréimhseach, go bhfuil sé de chineál substainteach agus go bhfuil sé curtha san áireamh ag na comhreachtóirí gan measúnú tionchair a bheith déanta air mar a cheanglaítear le pointe 15 den Chomhaontú Idirinstiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Meabhraíonn an Coimisiún a ghealltanais iomaíocht éifeachtach a choinneáil san earnáil talmhaíochta, agus éifeacht iomlán a thabhairt do chuspóirí CBT a leagtar síos in Airteagal 39 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le híocaíochtaí ANC

Tugann an Coimisiún dá aire an comhaontú idir na comhreachtóirí a deir go bhféadfar cistí ERI a úsáid, nuair a dhéanfar iad a chomhtháthú in CETFT, chun íocaíochtaí a mhaoiniú do limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile ag bagairt orthu (íocaíochtaí ANC).

Tá sé curtha in iúl ag an gCoimisiún cheana go bhfuil imní air faoi rannchuidiú teoranta íocaíochtaí ANC le cuspóirí comhshaoil agus aeráide, ós rud é nach gá d'fheirmeoirí aon

AM\1220571GA.docx

PE661.524v01-00

chleachtais shonracha a dhéanamh chun an íocaíocht a fháil. Ar an gcúis sin, níor chóir a mheas, le linn na caibidlíochta maidir le CBT a bheidh ann amach anseo, gur fasach é íocaíochtaí ANC a áireamh faoin gcuid sin de chistí ERI atá tiomanta do rannchuidiú le cuspóirí comhshaoil agus aeráide.